2025/2608

23.12.2025

CINNEADH ÓN MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINT SONRAÍ

an 25 Samhain 2025

maidir le bainistiú taifead agus cartlann [2025/2608]

AN MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINT SONRAÍ,

Ag féachaint do Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83 ón gComhairle an 1 Feabhra 1983 maidir le cartlann stairiúil Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ([1]) a oscailt don phobal, arna leasú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1700/2003 ([2]) ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2015/496 ón gComhairle ([3]), go háirithe Airteagail 1, 2, 8 agus 9(1) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE ([4]) agus go háirithe, Airteagail 13 agus 25(4) de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) De bhun Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83, arna leasú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1700/2003 agus le Rialachán (AE) 2015/496, ceanglaítear ar institiúidí an Aontais a gcartlanna stairiúla a bhunú, iad a oscailt don phobal tar éis 30 bliain, agus rialacha inmheánacha a ghlacadh maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin. Áireofar sna rialacha inmheánacha sin rialacha maidir le cartlanna stairiúla a chaomhnú agus a oscailt don phobal agus maidir leis na sonraí pearsanta atá iontu a chosaint.

(2) Sa tuairim uaidh an 10 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis an Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83, leag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ('MECS') béim ar an ngá atá le rialacha leordhóthanacha cur chun feidhme a ghlacadh chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh go héifeachtach ar ábhair imní maidir le cosaint sonraí i gcomhthéacs taifid dhlisteanacha a choinneáil chun críoch dlíthiúil, airgeadais, riaracháin agus cartlannaithe, i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme maidir le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais.

(3) Is iad na taifid atá i seilbh MECS bunús a chuid oibríochtaí agus a chuid oibre laethúla. Is cuid de shócmhainní eagraíochtúla MECS iad, agus is foinsí tábhachtacha faisnéise riaracháin, fianaiseacha agus stairiúla iad. Tá siad riachtanach don eagraíocht ina cuid oibríochtaí reatha agus amach anseo, chun críocha cuntasachta agus trédhearcachta, agus chun feasacht agus tuiscint a fháil ar a stair agus ar a nósanna imeachta. Dá bhrí sin, ní mór iad a bhainistiú i gcomhréir leis na rialacha éifeachtacha is infheidhme maidir le gach seirbhís agus gach ball foirne.

(4) Ba cheart oibleagáidí ábhartha slándála faisnéise a chur san áireamh sna rialacha inmheánacha maidir le bainistiú taifead agus cartlann, mar a leagtar síos go háirithe i gCinneadh MECS an 9 Márta 2020 (arna oiriúnú an 11 Samhain 2022) maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais a chosaint, chomh maith le gníomhaíochtaí claochlaithe dhigitigh MECS. Ba cheart dóibh réitigh bainistithe doiciméad digiteach atá ann cheana a úsáid agus an dul chun cinn is déanaí maidir le sláine agus cartlannú leictreonach chomh maith le caighdeáin idirnáisiúnta agus dea-chleachtais a ionchorprú.

([1]) IO L 43, 15.2.1983, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1983/354/oj.

([2]) Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1700/2003 an 22 Meán Fómhair 2003 lena leasaítear Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83 ón gComhairle an 1 Feabhra 1983 maidir le cartlann stairiúil Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a oscailt don phobal (IO L 243, 27.9.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1700/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE IO L 79, 25.3.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/496/oj.

([4]) IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj.

(5) Moltar d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais aitheantas a thabhairt do ríomh-shainaitheantas agus do sheirbhísí iontaoibhe a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) chun leas a bhaint as comhar riaracháin, go háirithe as an dea-chleachtas atá ann cheana agus as torthaí na dtionscadal atá ar siúl sna réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

(6) Ba cheart taifid MECS a bheith leictreonach mar réamhshocrú, cé gur féidir eisceachtaí a dhéanamh. Coinníonn MECS taifid a chruthaítear, a fhaightear agus a bhainistítear le linn a ghníomhaíochtaí. Déantar gach taifead, gan beann ar an bhformáid agus ar an timpeallacht theicneolaíoch ina ndéantar iad a bhailiú, a chruthú nó a fháil, a ghabháil agus a choinneáil i stór leictreonach oifigiúil taifead.

(7) Leis na rialacha inmheánacha maidir le bainistíocht taifead agus cartlann, ba cheart saolré na dtaifead a chumhdach agus barántúlacht, iontaofacht, sláine agus inúsáidteacht na dtaifead agus a meiteashonraí a áirithiú le himeacht ama.

(8) Cuireann bainistíocht éifeachtach agus chuí taifead agus cartlann ar chumas an MECS cinnteoireacht eolasach agus éifeachtúil a áirithiú; prionsabal cuntasachta na ngníomhaíochtaí poiblí a chur chun feidhme; oibleagáidí trédhearcachta a chomhlíonadh agus oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh; rioscaí gnó a bhainistiú; cearta agus oibleagáidí MECS a chosaint, tacaíocht fhianaiseach a sholáthar i ndlíthíocht; agus an chuimhne institiúideach a chaomhnú.

(9) Ba cheart na rialacha inmheánacha maidir le bainistíocht taifead agus cartlann a ailíniú leis an oibleagáid rochtain a sholáthar ar dhoiciméid atá i seilbh MECS i gcomhréir leis na prionsabail, na socruithe agus na teorainneacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin ([6]).

(10) Ba cheart go gcomhlíonfadh na rialacha inmheánacha maidir le bainistiú taifead agus cartlanna na hoibleagáidí cosanta sonraí a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725. De bhun an Rialacháin seo, ceanglaítear ar MECS faisnéis a sholáthar do dhaoine is ábhar do na sonraí maidir le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta agus éascóidh sé feidhmiú chearta na ndaoine is ábhar do na sonraí faoi Airteagal 17 go hAirteagal 24 de. Ba cheart na cearta sin a chothromú leis na cuspóirí a bhaineann le cuspóirí cartlannaithe ar mhaithe le leas an phobail.

(11) Ba cheart do gach ball foirne a bheith cuntasach as cruthú agus bainistiú ceart taifead a bhaineann le beartais, próisis, nósanna imeachta agus gníomhaíochtaí a bhfuil siad freagrach astu de réir na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme.

(12) Cuirfear sonraí agus faisnéis laistigh de MECS ar fáil agus comhroinnfear iad chomh leathan agus is féidir chun obair chomhoibríoch a éascú i measc a fhoirne, chun aisghabháil agus athúsáid sonraí agus faisnéise a fheabhsú, agus chun sineirge acmhainní a chur chun cinn chun éifeachtúlacht fhoriomlán a fheabhsú.

(13) Féadfar rochtain ar shonraí agus ar fhaisnéis a shrianadh i gcás ina gceanglaítear le faisnéis íogair nó le hoibleagáidí dlíthiúla rochtain a bheith teoranta. Go háirithe, d'fhéadfadh rochtain ní ba theoranta agus ní ba spriocdhírithe a bheith ag teastáil ar bhearta cosanta a bhaineann le leibhéal rúndachta na faisnéise, na sonraí pearsanta, nó ar chúiseanna eile atá sainithe go soiléir, bunaithe ar an bprionsabal 'ar bhonn riachtanais eolais'.

(14) Chuathas i gcomhairle le feidhmeanna neamhspleácha MECS an Oifigigh Cosanta Sonraí agus na Seirbhíse Dlí maidir leis na bearta a glacadh sa Chinneadh seo.

(15) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, mar an t-údarás maoirseachta le haghaidh institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 41(2) de Rialachán (AE) 2018/1725, agus thug sé tuairim uaidh an 3 Deireadh Fómhair 2025 ([7]).

(16) Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart beartais MECS roimhe seo maidir le bainistiú taifead agus cartlanna a aisghairm agus an Cinneadh seo a chur ina n-ionad,

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj), arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1183 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 a mhéid a bhaineann leis an gCreat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach a bhunú. (IO L, 2024/1183, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1183/oj).

([6]) IO L 145, 31.5.2001, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/1049/oj.

([7]) Tuairim Mhaoirseachta 14/2025 an 3 Deireadh Fómhair 2025 ar an dréachtchinneadh ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ('MECS') maidir le bainistiú taifead agus cartlann.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leagtar síos leis an gCinneadh seo rialacha maidir le bainistiú thaifid agus chartlanna MECS i bhformáid pháipéir nó leictreonach, agus maidir le cartlanna MECS a chaomhnú agus a oscailt don phobal.

2. Tá feidhm ag an gCinneadh seo maidir le taifid atá i seilbh MECS agus maidir lena chartlann, gan beann ar a bhformáid, a meán, a n-aois nó a suíomh.

3. Tá an Cinneadh seo infheidhme maidir le gach ball foirne de MECS a chumhdaítear leis na Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, i.e. oifigigh, gníomhairí sealadacha agus gníomhairí ar conradh. Beidh feidhm aige freisin maidir le saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus le hoiliúnaithe.

4. Níl feidhm ag an gCinneadh seo maidir le baill foirne de chuid Rúnaíocht an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí ('BECS'). Mar a shonraítear faoi roinn IV, mír 2, pointe (iv), den Mheabhrán Tuisceana idir an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ([8]), áirítear bainistíocht taifead ar liosta na gcúraimí atá le cur i gcrích ag Rúnaíocht an BECS i gcomhréir le hAirteagal 75(6) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]).

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Chinnidh seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn **'cartlanna'** taifid atá le caomhnú go buan de bharr a luacha riaracháin, fhioscaigh, dhlíthiúil, stairiúil nó faisnéise;

(b) ciallaíonn '**barántúlacht**' gur féidir a chruthú gurb é atá i dtaifead an rud a airbheartaíonn sé a bheith, a bheith cruthaithe nó seolta ag an duine a airbheartaítear a chruthaigh nó a sheol é, agus gur cruthaíodh nó gur seoladh é mar a airbheartaítear;

(c) ciallaíonn '**doiciméad**' aon ábhar is cuma cén meán ina bhfuil sé (arna scríobh ar pháipéar nó arna stóráil i bhfoirm leictreonach nó mar thaifeadadh fuaime, mar thaifeadadh amhairc nó mar thaifeadadh closamhairc) maidir le hábhar a bhaineann leis na beartais, na gníomhaíochtaí agus na cinntí a thagann faoi réimse freagrachta MECS;

(d) ciallaíonn'**MECS**' an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí mar chomhlacht de chuid an Aontais;

(e) ciallaíonn '**síniú leictreonach**' sonraí i bhfoirm leictreonach atá ceangailte le sonraí eile i bhfoirm leictreonach nó a bhfuil baint loighciúil acu leo agus a úsáideann an sínitheoir chun síniú;

(f) ciallaíonn '**stampa ama leictreonach**' sonraí i bhfoirm leictreonach a cheanglaíonn sonraí eile i bhfoirm leictreonach le ham ar leith lena mbunaítear fianaise go raibh na sonraí deiridh sin ann an tráth sin;

(g) ciallaíonn '**an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí**' nó '**an Maoirseoir**' an duine arna cheapadh mar Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 53 de Rialachán (AE) 2018/1725;

(h) ciallaíonn '**comhad**' sraith taifead agus doiciméad gaolmhar eile faoi ghníomhaíocht shonrach, arna n-eagrú chun críche luach fianaise, cuntasachta nó faisnéise agus cuimhne institiúideach chorparáideach chun tacú le héifeachtúlacht na gníomhaíochta sin;

([8]) Meabhrán Tuisceana idir an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí an 25 Bealtaine 2018.

([9]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

(i) ciallaíonn '**plean comhdúcháin**' nó '**scéim aicmiúcháin**' an uirlis chun taifid a nascadh le comhthéacs a gcruthaithe. Cuirtear i láthair é mar struchtúr ordlathach de leibhéil aicmiúcháin agus tá sé bunaithe ar na gníomhaíochtaí gnó a ghineann taifid i dtimpeallacht ghnó eagraíochtúil shonrach;

(j) ciallaíonn '**sláine**' go bhfuil taifead iomlán agus neamhathraithe;

(k) ciallaíonn '**meiteashonraí**' faisnéis struchtúrtha nó leathstruchtúrtha, lena gcumasaítear taifid a chruthú, a bhainistiú agus a úsáid le himeacht ama agus laistigh de réimsí agus trasna réimsí;

(l) ciallaíonn '**stór leictreonach oifigiúil taifead**' an córas taifead nó na córais taifead ina mbailítear agus ina n-eagraítear na taifid atá i seilbh MECS chun gur féidir iad a aisghabháil, a dháileadh, a úsáid, a dhiúscairt nó a chaomhnú;

(m) ciallaíonn '**caomhnú**' na próisis theicniúla agus na hoibríochtaí teicniúla a fhágann gur féidir taifid a choinneáil le himeacht ama, a sláine agus a mbarántúlacht a choinneáil agus rochtain ar a n-ábhar a ráthú;

(n) ciallaíonn '**ríomhshéala cáilithe**' ríomhshéala ardleibhéil, a chruthaítear le gléas cruthaithe ríomhshéala cáilithe, agus atá bunaithe ar dheimhniú cáilithe le haghaidh ríomhshéala;

(o) ciallaíonn '**ríomhshíniú cáilithe**' ríomhshíniú ardleibhéil a chruthaítear le gléas cruthaithe ríomhshínithe cáilithe, agus atá bunaithe ar dheimhniú cáilithe le haghaidh ríomhshínithe;

(p) ciallaíonn '**taifead/taifid**' faisnéis, gan beann ar fhoirm nó ar mheán, arna chruthú, arna fháil agus arna chothabháil mar fhianaise agus mar shócmhainn ag MECS, chun oibleagáidí dlíthiúla a shaothrú nó le linn gnó a dhéanamh;

(q) ciallaíonn '**córas taifead**' nó '**córas bainistíochta taifead**' córas faisnéise lena ndéantar taifid a ghabháil, a bhainistiú agus rochtain orthu a chur ar fáil le himeacht ama. D'fhéadfadh gnéithe teicniúla, amhail bogearraí, agus gnéithe neamhtheicniúla, lena n-áirítear beartas, nósanna imeachta, daoine agus gníomhairí eile, agus freagrachtaí sannta a bheith i gcóras taifead;

(r) ciallaíonn '**clárú**' taifead a ghabháil mar aon leis na meiteashonraí ábhartha i gcóras taifead; a shuíomh go bhfuil sé iomlán agus comhdhéanta go cuí ó thaobh riaracháin agus/nó dlí de; a dheimhniú gur sheol údar é chuig seolaí ar dháta áirithe agus/nó gur ionchorpraíodh é i gceann de stórtha oifigiúla MECS;

(s) ciallaíonn '**iontaofacht**' gur féidir muinín a chur in ábhar taifid mar léiriú iomlán agus cruinn ar na hidirbhearta, ar na gníomhaíochtaí agus ar na fíorais a fhianaíonn siad agus gur féidir brath ar an taifead le linn idirbhearta nó gníomhaíochtaí ina dhiaidh sin;

(t) ciallaíonn '**sceideal coinneála**' treoraíocht chuimsitheach lena gcumhdaítear diúscairt taifead chun a áirithiú go gcoinnítear iad chomh fada agus is gá bunaithe ar a luach riaracháin, fioscach, dlíthiúil, stairiúil nó faisnéise;

(u) ciallaíonn '**inúsáidteacht**' gur féidir taifead a aimsiú, a aisghabháil, a chur i láthair agus a léirmhíniú laistigh de thréimhse ama a mheasann páirtithe leasmhara a bheith réasúnta.

CAIBIDIL II

Bainistiú taifead

Airteagal 3

Cruthú taifead

1. Cruthófar taifid MECS mar thaifid leictreonacha agus coimeádfar iad ina stórtha leictreonacha oifigiúla. In imthosca eisceachtúla, áfach – amhail mar gheall ar oibleagáidí dlíthiúla nó prótacail, mar shampla; nuair nach féidir doiciméad a dhigitiú mar gheall ar fhormáid nó ar mhéid; nó maidir le luach sonrach agus uathúil an leagain analóige – féadfar taifid a chruthú i meán difriúil nó a choinneáil i bhformáid dhifriúil.

2. Déanfar taifid i bhformáid analógach arna gcruthú nó arna bhfáil ag MECS a dhigitiú agus a ghabháil go córasach i stór leictreonach oifigiúil. Tagann an leagan digitithe leictreonach a thagann as sin in ionad bhailíocht na formáide analóige ón nóiméad sin ar aghaidh.

3. Áiritheoidh seirbhísí MECS go ndéanfar taifid ríomhphoist lena soláthraítear fianaise agus faisnéis faoina ngníomhaíochtaí agus faoina n-idirbhearta a shainaithint, a bhainistiú agus a chaomhnú i gcomhréir leis na ceanglais maidir le coimeád taifead a leagtar amach sa Chinneadh seo.

4. Is maoin de chuid MECS iad na taifid go léir a chruthaíonn nó a fhaigheann ball foirne i dtaca le hobair oifigiúil MECS, nó mar thoradh ar obair oifigiúil MECS.

Airteagal 4

Taifid a ghabháil

1. Déanfaidh seirbhísí MECS athbhreithniú rialta ar na cineálacha faisnéise a chruthaítear nó a fhaightear le linn a ngníomhaíochtaí faoi seach, chun na cinn atá le gabháil i stór leictreonach oifigiúil a shainaithint agus, ag cur san áireamh an comhthéacs inar táirgeadh iad, chun a mbainistíocht a eagrú ar feadh a saolré.

2. Ní athrófar na taifid a gheofar. Féadfar iad a bhaint nó leaganacha ina dhiaidh sin a chur ina n-ionad go dtí go ndúnfar an comhad lena mbaineann siad.

Airteagal 5

Doiciméid a chlárú

1. Ní mór doiciméid arna dtarraingt suas nó arna bhfáil ag MECS a chlárú i gceann de na córais bhainistíochta taifead má tá faisnéis thábhachtach iontu, nach bhfuil gearrshaolach, nó má d'fhéadfadh gníomhaíocht nó obair leantach ag seirbhísí MECS a bheith i gceist leo.

2. Ní mór aon doiciméad nó ábhar ó ardáin oibre chomhoibríocha a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i mír 1 a thaifeadadh i gceann de chórais oifigiúla bainistíochta taifead MECS.

3. Ba cheart go nginfeadh córais taifead aitheantóirí uathúla do na taifid chláraithe.

4. Ní chlárófar doiciméid rúnaicmithe ach amháin i gcórais fhormheasta coimeádta taifead atá ceaptha chun doiciméid den leibhéal rúnaicmithe ábhartha a láimhseáil.

Airteagal 6

Plean comhdúcháin

1. Déanfaidh MECS plean comhdúcháin a úsáid agus a chothabháil ina léireofar a ghníomhaíochtaí.

2. Eagraítear taifid chláraithe i gcomhaid agus tá na comhaid sin nasctha leis an gcuid den phlean comhdúcháin ina dtugtar tuairisc ar na gníomhaíochtaí i gcomhthéacs a gcruthaithe.

3. Ní mór comhad oifigiúil amháin a bhunú do gach ábhar a thagann faoi shainchúram seirbhíse ar leith de chuid MECS. Ní mór gach comhad oifigiúil a chomhlánú le taifid a chruthaítear nó a fhaightear i ndáil leis an ábhar gaolmhar.

Airteagal 7

Córais agus próisis leictreonacha

Déanfaidh seirbhísí MECS a dtaifid a choinneáil agus a bhainistiú trí phróisis leictreonacha agus trí chórais leictreonacha agus trí struchtúir leictreonacha le comhéadain chun stóráil taifead, rochtain ar thaifid agus aisghabháil taifead a áirithiú, mura gceanglaítear a mhalairt leis na rialacha is infheidhme de chuid MECS.

Airteagal 8

Bailíocht doiciméad agus nósanna imeachta

1. Measfar doiciméad arna chruthú nó arna fháil ag MECS a bheith bailí nó inghlactha chun críocha clárúcháin nuair a chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) sainaithnítear an duine óna dtagann sé;

(b) go bhfuil an comhthéacs inar táirgeadh an doiciméad iontaofa agus go gcomhlíonann an doiciméad na coinníollacha lena ráthaítear sláine an doiciméid;

(c) comhlíonann an doiciméad na ceanglais fhoirmiúla a leagtar amach i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta is infheidhme;

(d) i gcás doiciméad leictreonach, cruthaítear an doiciméad ar bhealach a ráthaíonn sláine, iontaofacht agus inúsáidteacht a inneachair agus na meiteashonraí a ghabhann leis.

2. Measfar leagan leictreonach a chruthaítear trí dhoiciméad analógach arna chruthú nó arna fháil ag MECS a dhigitiú a bheith bailí nó inghlactha chun críocha clárúcháin nuair a chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) ní cheanglaítear aon síniú le foráil de dhlí an Aontais ná le dlí Ballstáit nó tríú tír lena mbaineann;

(b) tugann a fhormáid ráthaíochtaí sláine, iontaofachta, marthanachta, inléiteachta le himeacht ama agus éascaíochta rochtana ar an bhfaisnéis atá inti.

I gcás nach bhfuil gá le doiciméad analógach sínithe, féadfar leagan leictreonach den sórt sin a úsáid le haghaidh aon mhalartú faisnéise agus le haghaidh aon nós imeachta laistigh de MECS.

3. I gcás ina gceanglaítear le foráil de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta bunchóip shínithe de dhoiciméad, comhlíonfaidh doiciméad arna tharraingt suas nó arna fháil ag MECS an ceanglas sin má tá aon cheann de na nithe seo a leanas sa doiciméad:

(a) ríomhshíniú lámhscríofa nó cáilithe amháin nó níos mó;

(b) ríomhshíniú amháin nó níos mó, seachas ríomhshínithe cáilithe, lena dtugtar ráthaíochtaí leordhóthanacha maidir le sainaithint an tsínitheora agus maidir lena thoil a chur in iúl sa doiciméad sínithe.

4. I gcás ina n-éilíonn nós imeachta a bhaineann go sonrach le MECS síniú duine údaraithe, nó formheas duine ag céim amháin nó níos mó den nós imeachta, féadfar an nós imeachta a bhainistiú le córais ríomhaireachta, ar choinníoll go sainaithnítear gach duine go soiléir agus gan débhrí agus go dtugann an córas atá i gceist ráthaíochtaí nach n-athraítear an t-inneachar le linn an nós imeachta.

Airteagal 9

Ríomhshínithe, ríomhshéalaí, ríomhstampaí ama

1. I gcás ina mbaineann nós imeachta le MECS agus le heintitis eile, agus go n-éilíonn sé síniú duine údaraithe nó formheas duine ag céim amháin nó níos mó den nós imeachta, féadfaidh córais TF an nós imeachta a bhainistiú i gcás ina gcinntear coinníollacha úsáide agus barántaí teicniúla le comhaontú na bpáirtithe lena mbaineann.

2. Cuirfear ríomhshínithe simplí, ard-sínithe nó ríomhshínithe cáilithe in ionad sínithe lámhscríofa nuair is féidir.

3. Cinnfidh MECS, sa bhreis ar an gceanglas dlíthiúil atá ann cheana, na catagóirí doiciméad a bhféadfadh síniú ardleibhéil nó cáilithe a bheith ag teastáil ina leith.

4. Beidh ag ríomhshíniú cáilithe an éifeacht dhlíthiúil choibhéiseach atá ag síniú lámhscríofa.

5. Maidir le ríomhshéala cáilithe, toimhdeofar sláine na sonraí agus cruinneas thionscnamh na sonraí lena bhfuil sé nasctha.

6. Maidir le ríomhstampa cáilithe ama, toimhdeofar gur cruinn an dáta agus an t-am a léiríonn sé agus gur slán na sonraí a bhfuil an dáta agus an t-am ceangailte leo.

7. Agus an t-airteagal seo agus airteagail eile a bhaineann leis an síniú leictreonach á gcur chun feidhme, cuirfidh MECS Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1183 i bhfeidhm.

Airteagal 10

Slándáil agus cosaint faisnéise

1. Déanfar taifid, comhaid, córais faisnéise agus cartlanna a bhainistiú i gcomhréir le beartas slándála faisnéise MECS agus leis na beartais ghaolmhara is infheidhme.

2. Ba cheart faisnéis rúnaicmithe a phróiseáil de réir na rialacha is infheidhme de chuid MECS.

CAIBIDIL III

Caomhnú taifead agus cartlann stairiúil

Airteagal 11

Critéir choinneála agus stórála

1. Socrófar an tréimhse choinneála do na catagóirí éagsúla comhad do MECS trí bhíthin cinntí riaracháin, amhail sceidil choinneála arna ndréachtú ar bhonn an chomhthéacs eagraíochtúil, na reachtaíochta atá ann cheana agus oibleagáidí dlíthiúla MECS.

2. Déanfar taifid a stóráil agus a chaomhnú, ar feadh na tréimhse is gá, faoi na coinníollacha seo a leanas:

(a) stórálfar taifid san fhoirm inar cruthaíodh, inar seoladh nó ina bhfuarthas iad nó i bhfoirm lena gcaomhnaítear barántúlacht, iontaofacht agus sláine a n-ábhair agus na meiteashonraí a ghabhann leo;

(b) ní mór ábhar na dtaifead agus a meiteashonraí ábhartha a bheith inléite ar feadh a dtréimhse stórála ag aon duine atá údaraithe chun rochtain a fháil orthu;

(c) i gcás ina seolfar nó ina bhfaighfear taifid go leictreonach, beidh an fhaisnéis is gá chun tionscnamh nó ceann scríbe an taifid a chinneadh, mar aon le dáta agus am na gabhála nó an chláraithe, mar chuid de na meiteashonraí íosta a bheidh le stóráil;

(d) a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta leictreonacha arna mbainistiú ag córais TF, déanfar faisnéis faoi chéimeanna foirmiúla an nós imeachta agus a shreafaí oibre formheasa a stóráil faoi na coinníollacha sin lena n-áiritheofar gur féidir na céimeanna sin agus na húdair agus na rannpháirtithe a shainaithint a fhad is gá de réir an cheanglais airgeadais, dlí agus riaracháin is infheidhme.

Airteagal 12

Straitéis um chaomhnú digiteach

Déanfaidh MECS straitéis um chaomhnú digiteach a bhunú agus a chur chun feidhme chun rochtain fhadtéarmach ar thaifid leictreonacha a áirithiú ar bhonn na sceideal coinneála dá dtagraítear in Airteagal 11(1). Áiritheoidh MECS go mbeidh próisis, uirlisí agus acmhainní i bhfeidhm chun barántúlacht, iontaofacht agus sláine taifead agus a n-inrochtaineacht a ráthú ar feadh na tréimhse is gá.

Airteagal 13

Breithmheas

1. Déanfar breithmheas ar thaifid agus ar chomhaid MECS ar bhonn rialta, chun a mheas an n-aistreofar iad chuig na cartlanna nó an gcuirfear deireadh leo.

2. Coinneofar sraith meiteashonraí ar thaifid agus ar chomhaid a ndearnadh breithmheas orthu sa stór leictreonach oifigiúil mar fhianaise ar na taifid agus ar na comhaid sin agus ar a n-aistriú chuig an gcartlann nó chuig an díothú, agus ionas go mbeidh siad in ann freagairt d'iarrataí cuardaigh inmheánacha nó seachtracha.

3. Déanfar taifid agus comhaid a mheastar a bhfuil luach stairiúil ag baint leo a ullmhú lena gcaomhnú go buan agus lena n-aistriú chuig na cartlanna stairiúla.

4. Leantar den fhreagracht atá ar sheirbhís as ábhar intleachtúil aon taifid nó comhaid tar éis an aistrithe chuig Cartlann MECS.

Airteagal 14

Próiseáil sonraí pearsanta atá i gcartlanna MECS

1. Cuirfidh MECS coimircí iomchuí chun feidhme chun comhlíonadh Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2018/1725 a áirithiú agus sonraí pearsanta á bpróiseáil chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail. Áireofar sna coimircí sin bearta teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm go háirithe chun a áirithiú go ndéanfar prionsabal an íoslaghdaithe sonraí a urramú. Áirfeofar i measc na gcoimircí na nithe seo a leanas:

(a) roghnófar na taifid agus na comhaid lena n-aistriú chuig na cartlanna stairiúla bunaithe ar sceidil choinneála MECS. Sula ndúntar nó sula n-aistrítear aon taifead nó comhad, ba cheart don roinn atá freagrach a mheas, mar chuid den nós imeachta um dhúnadh riaracháin, nach gcoinnítear ach sonraí pearsanta atá riachtanach agus comhréireach chun críocha cartlannú stairiúil a dhéanamh. Déanfar an measúnú sin ar bhonn cás ar chás, i gcomhréir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí. Déanfar módúlachtaí agus critéir an mheasúnaithe sin a shonrú a thuilleadh i rialacha cur chun feidhme an Chinnidh seo. Ní aistreofar na comhaid eile go léir, lena n-áirítear comhaid struchtúrtha sonraí pearsanta, amhail taifid phearsanta agus leighis, nó na comhaid dá dtagraítear in Airteagal 26 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh ([10]), chuig na cartlanna stairiúla, ach cuirfear deireadh leo ag deireadh a dtréimhse coinneála riaracháin, mar a chinntear sna rialacha ábhartha is infheidhme agus i gcomhréir le rialacha cur chun feidhme an Chinnidh seo;

(b) údaróidh sceidil choinneála MECS díothú riaracháin cineálacha sonracha taifead, arna sainaithint iontu, roimh dhul in éag na tréimhse coinneála riaracháin is infheidhme maidir leis na comhaid chomhfhreagracha. Dá bhrí sin, eisiafar na cineálacha taifead sin ó phróiseáil chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail;

(c) sula ndéanfar breithmheas ar na comhaid a mheastar a bheith aistrithe chuig cartlanna MECS, déanfaidh seirbhísí MECS measúnú ar láithreacht fhéideartha taifead ina bhfuil catagóirí speisialta sonraí pearsanta (mar a shainmhínítear in Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2018/1725). Ina theannta sin, déanfaidh siad meastóireacht ar riachtanas agus comhréireacht na próiseála chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, agus rachaidh siad i gcomhairle le seirbhís chartlainne MECS chun na bearta sonracha iomchuí atá le cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 10(2)(j) a chinneadh.

2. I gcomhréir le hAirteagal 25(4) de Rialachán (AE) 2018/1725, féadfaidh MECS maoluithe a chur i bhfeidhm ar chearta na ndaoine is ábhar do na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 17 (Ceart rochtana an duine is ábhar do na sonraí), Airteagal 18 (An ceart go ndéanfaí ceartúcháin), Airteagal 20 (An ceart go gcuirfí srian le próiseáil), Airteagal 21 (Oibleagáid fógra a thabhairt maidir le sonraí pearsanta a cheartú nó a léirscriosadh nó maidir le próiseáil a shrianadh agus Airteagal 23 (An ceart chun agóid a dhéanamh) de Rialachán (AE) 2018/1725, faoi réir coinníollacha agus coimircí iomchuí dá bhforáiltear in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2018/1725, a mhéid is gá maolú a chur i bhfeidhm chun críocha cartlannú a chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail agus chun sláine chartlann stairiúil MECS a chaomhnú. Féadfar maoluithe ar na cearta seo a leanas atá ag daoine is ábhair do na sonraí a chur i bhfeidhm i gcomhréir le forálacha Airteagal 25(4) de Rialachán (AE) 2018/1725:

(a) an ceart rochtana, dá bhforáiltear in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1725, a mhéid is dócha go bhfágfaidh feidhmiú an chirt sin nach féidir na críocha sonracha dá ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail a bhaint amach nó go gcuirfear isteach go mór ar bhaint amach na gcríoch sin, agus go bhfuil gá le maolú den sórt sin chun na críocha sin a chomhlíonadh. Agus measúnú agus doiciméadú á dhéanamh ar an ngníomhaíocht atá le déanamh maidir le hiarraidh an duine is ábhar do na sonraí, tabharfar aird ar leith ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn an duine is ábhar do na sonraí, chomh maith le cineál, raon feidhme agus méid na dtaifead a bhféadfadh tionchar a bheith acu orthu;

(b) an ceart go ndéanfaí ceartúcháin, dá bhforáiltear in Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2018/1725, a mhéid a fhágann an ceartú nach féidir sláine agus barántúlacht na dtaifead a roghnaítear le haghaidh buanchaomhnú sa chartlann stairiúil a chaomhnú. Tá an méid sin gan dochar don fhéidearthacht ráiteas forlíontach nó nóta mínithe a thabhairt ar an taifead lena mbaineann, ach amháin má tá sé dodhéanta é sin a dhéanamh nó má tá iarracht dhíréireach riaracháin i gceist leis;

([10]) Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA) lena leagtar síos Rialacháin Foirne na nOifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO 45, 14.6.1962, lch. 1385, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1962/31(1)/oj).

(c) an ceart chun srian a chur le próiseáil, dá bhforáiltear in Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2018/1725, a mhéid atá na sonraí pearsanta i dtaifid a roghnaítear lena gcaomhnú go buan i gcartlanna stairiúla MECS mar chuid lárnach agus fhíor-riachtanach de na taifid sin;

(d) an oibleagáid fógra a thabhairt faoi cheartú nó léirscriosadh sonraí pearsanta nó faoi shrianadh próiseála, dá bhforáiltear in Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2018/1725, a mhéid is dócha go bhfágfaidh an fógra sin nach féidir na críocha sonracha maidir le cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail a bhaint amach nó go gcuirfear bac tromchúiseach ar a mbaint amach, agus a mhéid atá gá le maolú den sórt sin chun na críocha sin a chomhlíonadh. Agus measúnú agus doiciméadú á dhéanamh ar an ngníomhaíocht atá le déanamh maidir leis an gceanglas fógra, tabharfar aird ar leith ar an bhfaisnéis atá ar fáil agus ar chineál sonrach agus raon feidhme na dtaifead a d'fhéadfadh a bheith i gceist;

(e) an ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála, dá bhforáiltear in Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2018/1725, a mhéid atá na sonraí pearsanta i dtaifid a roghnaítear lena gcaomhnú go buan i gcartlanna stairiúla MECS mar chuid lárnach agus fhíor-riachtanach de na taifid sin.

3. Déanfaidh MECS, chun críocha cuntasachta, taifead a chomhdú ina ndéanfar cur síos ar na cúiseanna a bhí leis na maoluithe a cuireadh i bhfeidhm, ar cheart an duine is ábhar do na sonraí óna ndearnadh maolú air, agus ar thoradh an mheasúnaithe a rinneadh. Beidh na taifid sin agus, i gcás inarb infheidhme, na doiciméid a bhaineann leis an gcomhthéacs fíorasach nó dlíthiúil ina gcuid de chlár *ad hoc*, a chuirfear ar fáil, arna iarraidh sin, don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, mar údarás maoirseachta um chosaint sonraí.

4. Rachaidh MECS i gcomhairle leis an Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) nuair a bheidh breithniú á dhéanamh aige ar chur i bhfeidhm maoluithe ar chearta an duine is ábhar do na sonraí i gcomhréir leis an gCinneadh seo i gcás ar leith agus, in aon chás, sula ndéanfaidh sé cinneadh maolú den sórt sin a chur i bhfeidhm de bhun an Chinnidh seo. Tabharfar rochtain do OCS ar an taifead agus ar aon doiciméid is bun le gnéithe fíorasacha agus dlíthiúla. Déanfar rannpháirtíocht OCS sa phróiseas sin a dhoiciméadú go cuí.

Airteagal 15

Taisceadh chartlanna stairiúla MECS ag an Institiúid Ollscoile Eorpach (HAEUI)

1. I gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83, arna leasú le Rialachán (AE) 2015/496, taiscfidh MECS na doiciméid atá mar chuid dá chartlann stairiúil agus a d'oscail sé don phobal ag HAEUI.

2. D'fhéadfadh an taisceadh a bheith fisiceach le haghaidh comhaid pháipéir bhunaidh, nó leictreonach le haghaidh taifid a gineadh agus a caomhnaíodh go digiteach. Sa chás deireanach sin, déanfar socruithe sonracha chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag HAEUI i bhFlórans ar chartlanna leictreonacha MECS, i gcomhréir le hAirteagal 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83 arna leasú le Rialachán (AE) 2015/496.

3. Cuirfidh MECS rochtain ar fáil do HAEUI, nuair is féidir, ar chóipeanna digitithe de thaifid atá á gcoimeád i meán analógach d'fhonn comhairliúchán ar líne agus trédhearcacht chartlanna stairiúla MECS a chur chun cinn.

4. Tabharfar aird chuí ar thaifid ina bhfuil doiciméid rúnaicmithe, nó ar thaifid a chumhdaítear le heisceachtaí a bhaineann le príobháideachas agus sláine daoine aonair, nó le leasanna tráchtála duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh, lena n-áirítear maoin intleachtúil dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83, arna leasú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1700/2003.

5. Beidh HAEUI ar an bpríomhphointe rochtana chuig cartlanna stairiúla MECS atá oscailte don phobal.

6. Seolfaidh Bainisteoir Taifead agus Cartlann MECS tuairiscí ar na cartlanna is ábhar don taisceadh ag HAEUI chuig HAEUI. Chun malartú meiteashonraí le HAEUI a éascú, úsáidfear idir-inoibritheacht i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta.

7. Gníomhaíonn HAEUI mar phróiseálaí, i gcomhréir le hAirteagal 8(11) de Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83, arna leasú le Rialachán (AE) 2015/496, faoi threoracha ó MECS, a ghníomhaíonn mar rialaitheoir ar shonraí pearsanta atá ina chartlanna stairiúla atá taiscthe in HAEUI.

8. Soláthraíonn MECS na treoracha is gá chun sonraí pearsanta atá sna cartlanna arna dtaisceadh in HAEUI a phróiseáil agus déanann sé faireachán ar a fheidhmíocht.

CAIBIDIL IV

Rialachas agus cur chun feidhme

Airteagal 16

Struchtúir inmheánacha MECS

1. Áiritheoidh MECS go gcuirfear na struchtúir eagraíochtúla, riaracháin agus fhisiceacha is gá i bhfeidhm chun an Cinneadh seo, a rialacha cur chun feidhme agus aon nós imeachta gaolmhar a chur chun feidhme.

2. Ainmneofar Bainisteoir Taifead agus Cartlann ('RAM'), ag a bhfuil inniúlachtaí agus scileanna ábhartha sa réimse, chun próisis agus córais bainistíochta taifead éifeachtúla a chur chun cinn agus a choinneáil ar bun agus chun comhordú leis na seirbhísí uile a áirithiú.

3. Ainmneofar Leas-Bhainisteoir Taifead agus Cartlainne ('DRAM') chun tacú le RAM ina gcuid dualgas go léir agus chun leanúnachas na feidhme a áirithiú nuair a bheidh siad as láthair.

4. Beidh Comhfhreagraí Bainistithe Taifead agus Cartlann ('RAMC') ag gach seirbhís a bheidh i gceannas ar chur chun feidhme an Chinnidh seo agus a rialacha cur chun feidhme a chomhordú.

Beidh na RAMCanna ó na seirbhísí éagsúla ina líonra inmheánach faoi chathaoirleacht RAM agus an Leas-RAM.

Tiocfaidh an líonra le chéile ar bhonn rialta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna coiteanna agus chun dea-chleachtais a chomhroinnt.

5. Comhoibreoidh RAM leis an Oifigeach Slándála Áitiúil, leis an Oifigeach Cibearshlándála Áitiúil, leis an Oifigeach Slándála Faisnéise Áitiúil ('LISO'), leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ('OCS'), nó le haon fheidhm eile maidir le cúrsaí agus freagrachtaí bainistíochta taifead chun cur chuige comhleanúnach agus comhsheasmhach agus sreabhadh éifeachtúil faisnéise a áirithiú.

Airteagal 17

Róil agus freagrachtaí

1. Beidh Ceann na hArdúnaíochta MECS freagrach as a áirithiú go gcuirfear an Cinneadh seo agus a rialacha cur chun feidhme agus na nósanna imeachta gaolmhara chun feidhme.

2. Tá dualgas cúraim ar sheirbhísí uile MECS agus ar bhaill foirne aonair na doiciméid agus na taifid a chruthaíonn siad nó a úsáideann siad a bhainistiú ar bhealach freagrach agus leordhóthanach, i gcomhréir leis an gCinneadh seo, nósanna imeachta eile atá i bhfeidhm agus a gcúraimí faoi seach.

3. Déanfaidh RAM an méid seo a leanas:

(a) cur chun feidhme an Chinnidh seo agus na rialacha gaolmhara a chomhordú agus faireachán a dhéanamh orthu agus a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad ar fud MECS;

(b) a bheith freagrach as plean comhdaithe agus sceidil choinneála MECS a bhunú agus a chothabháil i gcomhar le líonra RAMC;

(c) treoir agus tacaíocht a chur ar fáil do sheirbhísí MECS maidir le cúrsaí bainistíochta taifead agus cartlainne;

(d) cathaoirleacht a dhéanamh ar líonra na RAMCanna;

(e) a bheith freagrach as bainistiú a dhéanamh ar thaifid TF MECS/ar chórais bhainistíochta cásanna TF;

(f) ionadaíocht a dhéanamh ar MECS (mar chomhlacht de chuid an Aontais) i bhfóraim sheachtracha eile;

(g) a áirithiú go n-aistrítear taifid agus comhaid chuig cartlanna stairiúla MECS, agus go gcuirtear ar fáil iad, arna iarraidh sin, do ranna MECS;

(h) an dara hathbhreithniú a dhéanamh ar thaifid, comhaid agus cartlanna arna n-aistriú, i gcás inar gá agus i gcomhar leis an tseirbhís tionscnaimh nó leis an tseirbhís choibhéiseach nó lena comharba;

(i) a áirithiú go dtaiscfear cartlanna stairiúla MECS in HAEUI, d'fhonn taifid atá níos mó ná 30 bliain d'aois a chur ar fáil don phobal.

Tacóidh an Leas-RAM leis an RAM sna cúraimí thuasluaite agus glacfaidh siad ionad an RAM i gcás neamhláithreachta.

4. Áiritheoidh na RAMCanna comhroinnt faisnéise agus comhordú maidir le bainistiú taifead agus ábhair chartlainne laistigh dá seirbhísí faoi seach, agus comhordóidh siad cur chun feidhme an Chinnidh seo agus a rialacha cur chun feidhme.

Airteagal 18

Faisnéis, oiliúint agus tacaíocht

Comhordóidh an RAM leis an OCS, leis an oifigeach slándála áitiúil agus leis na feidhmeanna ábhartha uile, chun a áirithiú go mbeidh na bearta faisnéise, oiliúna agus tacaíochta is gá chun an Cinneadh seo agus na rialacha cur chun feidhme gaolmhara a chur i bhfeidhm i bhfeidhm laistigh de sheirbhísí MECS.

CAIBIDIL V

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 19

Rialacha cur chun feidhme

Beidh rialacha cur chun feidhme ag gabháil leis an gcinneadh sin.

Beidh an tArdrúnaí freagrach as na rialacha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhordú leis na seirbhísí agus áiritheoidh sé go gcuirfear chun feidhme iad.

Airteagal 20

Athbhreithniú agus nuashonrú

Déanfar an Cinneadh seo agus a rialacha cur chun feidhme a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus an méid seo a leanas go háirithe á chur san áireamh:

(a) forbairtí maidir le bainistíocht taifead agus cartlann, lena n-áirítear teacht chun cinn caighdeán ábhartha;

(b) oibleagáidí MECS maidir le trédhearcacht, rochtain phoiblí ar dhoiciméid agus oscailt na gcartlann don phobal;

(c) forbairtí i dteicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide;

(d) na rialacha is infheidhme maidir le luach probháide taifead leictreonach;

(e) aon oibleagáidí nua a d'fhéadfadh a bheith ina gceangal ar MECS.

Airteagal 21

Beartais MECS roimhe seo maidir le bainistíocht taifead agus cartlann a aisghairm

Déantar Beartas Bainistíochta Taifead MECS agus Beartas Cartlann MECS a aisghairm agus an Cinneadh seo a chur ina n-ionad.

Airteagal 22

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Samhain 2025.

Thar ceann MECS
Wojciech Rafał WIEWIÓROWSKI
An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí